# An Chruthaitheacht a Chothú



Díriú i gcónaí ar an bhfoghlaim agus an t-eolas a leabú isteach



Luach a chur le hiarrachtaí scoláirí trína gcuid foghlama a aithint agus a mholadh

Trí phríomhscileanna do scoláire a fhorbairt, tá tú á bhforbairt dá gcuid foghlama sa seomra ranga agus lasmuigh de

Luach a chur leis na céimeanna beaga chun an fhoghlaim a bhogadh chun tosaigh



Muinín na scoláirí a thógáil ionas go n-éireoidh siad níos fiosraí faoina gcuid foghlama

Láidreachtaí, inniúlachtaí agus buanna do chuid scoláirí uile a aimsiú agus díriú orthu le borradh a chur faoina gcuid foghlama





Tá sé tábhachtach go gcuirfí meon cruthaitheach ina luí ar an scoláire lena mbeidh sé éasca dó turgnaimh a dhéanamh, lenar féidir leis dul sa seans, lena spreagfar é le deiseanna nua agus dúshlánacha a iniúchadh agus lenar féidir leis machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas cruthaitheach seo



An imní a chuireann bac ar an gcruthaitheacht a shárú. Agus scoláirí ag foghlaim, tiocfaidh múinín agus cumas in áit na neamhchinnteachta